An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Téarmaí agus Coinníollacha do chúnamh deontais d'oibreacha incháilithe ar chórais chóireála fuíolluisce tí i dtithe atá suite i Limistéir Gnímh a dTugtar Tús Áite dóibh

An Roinn Chomhshaoil,
Áras Contae an Chláir,
Bothar Nua,
Inis,
Co. an Chláir,
V95 DXP2

Uimhir ghutháin: 065 684 6331
Seoladh ríomhphoist: enviroff@clarecoco.ie

Leagan (2): Deireadh Fómhair 2020

Deontais atá iníoctha faoi Rialacháin na dTithe (Cúnamh Airgeadais um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí do Limistéir Gnímh a dTugtar Tús Áite dóibh), 2020 (I.R. Uimh. 185 de 2020)

- Léigh na nótaí eolais seo a leanas, le do thoil, sula líonann tú an fhoirm iarratais.
- Caithfear gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, sa chás go sonraítear, caithfear cáipéisí tacaíochta a sholáthar. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána nó na foirmeacha siúd nach ngabhann na cáipéisí cuí leo.
- NÍOR CHEART tús a chur le hobair sula dtugann an t-údarás tithíochta nó a ionadaí cuairt. Má cuireadh tús le hobair roimh an dáta sin, ní dhéanfar breithniú ar d'iarratas.
- Déanann údaráis tithíochta an scéim deontais a riar. Is faoin údarás tithíochta ábhartha atá sé plé le gach ceist a bhaineann le hoibriú laethúil na scéime deontais, iarratais agus íocaíochtaí san áireamh.
- Ba cheart aon fhiosrúcháin faoin deontas a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh Chlár Uisce Tuaithe an údaráis tithíochta ábhartha.

1. Cuspóir an deontais

Tá an scéim deontais seo á tabhairt isteach chun tacú le cuspóirí cháilíocht an uisce a bhaint amach i Limistéir Gnímh a dTugtar Tús Áite dóibh, faoi mar a dtugtar cuntas air sa Phlean Bainistíochta Abhantraí Náisiúnta d'Éirinn 2018-2021 (PBA).

Tá an scéim seo mar chuid den infheistíocht chistithe faoi Bheart 8 den Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil (an CUTIB) ó 2019 go 2021.

Tá an deontas seo ar fáil chun cabhrú le híoc as na costais oibreacha réitigh, deisiúcháin nó uasghrádaithe ar chóras cóireála fuíolluisce tí (CCFT) nó an córas a athsholáthar a fhreastalaíonn ar theach, sa chás go ndéantar na hoibreacha i Limistéar Gnímh a dTugtar Tús Áite dó i gcomhréir leis an PBA, agus nuair atá litir faighte ag an iarratasóir féideartha ó Oifig an Chláir Uiscí de chuid an Údaráis Áitiúil (CUÚÁ) thar ceann an údaráis tithíochta, a dheimhníonn cáilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

Caithfidh na hoibreacha go léir a bheith i gcomhréir le Cód Cleachtais an GCC – Córais Chóireála agus Diúscartha Fuíolluisce a fhreastalaíonn ar Thithe Aonair 2009 agus an aird chuí á tabhairt ar na moltaí i Mír 6.6 den Chód Cleachtais (CC) sin a thagraíonn do CCFT reatha ar an láthair.

Tábhachtach: Ní cháileofar costais a bhaineann le gnáthchothabháil nó gnáthsheirbhísiú CCFT, nó le sloda a bhaint de na córais siúd, do chúnamh deontais.

2. Leibhéal an deontais

Déantar cinneadh faoin leibhéal cúnamh deontais atá ar fáil bunaithe ar 85% de chostas faofa na n-oibreacha, faoi réir suim uasta €5,000. Is é an caiteachas íosta ar oibreacha incháilithe, a theastaíonn chun an t-iarratas a phróiseáil €750.

3. Cáilitheacht

Níl iarratasóir incháilithe do dheontas más é tuairim an údaráis tithíochta: -

(a) Níl an t-iarratasóir ag cónaí sa teach a bhfuil an CCFT ag freastal air mar a n-áit chónaithe phríomha (e.g. teach saoire), nó
(b) Tá an teach ar a bhfreastalaíonn an CCFT atá i gceist ceangailte faoi láthair le scéim séarachais phoiblí, nó
(c) Tá an teach ar a bhfreastalaíonn an CCFT atá i gceist ceangailte faoi láthair le scéim séarachais reatha, nó
(d) Tá an teach ar a bhfreastalaíonn an CCFT atá i gceist á thógáil nó tógadh é le 7 mbliana anuas, nó
(e) Íocadh deontas chun feabhas a chur ar an CCFT a fhreastalaíonn ar an teach atá i gceist le 7 mbliana anuas, nó
(f) Níor críochnaíodh na hoibreacha feabhsúcháin go sásúil ina n-iomláine faoi mar a shonraítear ina dtogra, nó
(g) Níor cláraíodh an teach ar a bhfreastalaíonn an CCFT le www.protectourwater.ie faoin dáta forordaithe (féach thíos), nó
(h) Níl an teach ar ar fhreastail an CCFT atá i gceist suite i Limistéar Gnímh a dTugtar Tús Áite dó.
(i) Fuarthas iarratas maidir leis an CCFT céanna, faoi aon scéim deontais eile le haghaidh an CCFT faoin CUTIB 2019-2021.

Cead Pleanála

B'fhéidir go mbeidh Díolúintí Pleanála i gceist faoi Alt 4(1)(h) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (ar a dtugtar anseo feasta "an tAcht") i gcás CCFT reatha nuair a dhéantar na hoibreacha ar mhaithe leis an gcóras a chothabháil nó a fheabhsú.

Nuair a bhíonn éiginnteacht ann, áfach, in aon chás ar leith, maidir leis an méid a meastar nó nach meastar gurb ionann é agus forbairt, nó maidir leis an méid a meastar nó nach meastar gurb ionann é agus forbairt dhíolmhaithe laistigh de bhrí an Achta, is féidir le duine ar bith dearbhú maidir leis an gceist sin a iarraidh i scríbhinn, óna n-údarás pleanála ábhartha (údarás áitiúil) faoi Alt 5 den Acht.

4. Dáta forordaithe

Caithfidh go bhfuil iarratas déanta ag úinéir an CCFT, faoi dháta forordaithe an 1 Feabhra 2013, go n-iontráiltear an córas cóireála i gclár chórais an CCFT atá á choimeád i gcomhréir le hAlt 70B(2) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (arna leasú).

nó

Caithfidh go ndearna úinéir CCFT, a tógadh nó a suiteáladh i ndiaidh an 1 Feabhra 2013, iarratas go n-iontráiltear an córas cóireála i gclár na gcóras siúd laistigh de 90 lá i ndiaidh gur ceanglaíodh áitreabh leis an CCFT, i gcomhréir le Rialachán 3 de na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Clárú) (Leasú), 2013 (Uimh. 180 de 2013).

5. Costas faofa

Ar mhaithe cuspóirí na scéime deontais seo, ciallaíonn costas faofa an costas iarbhír a bhíonn ar oibreacha réitigh, deisiúcháin nó uasghrádaithe ar, nó ar CCFT a athsholáthar (measúnú láithreáin ina measc, más gá), nó na costais a measann an t-údarás tithíochta a bheith ina gcostais réasúnta ar thabhairt faoi na hoibreacha siúd, pé ceann is lú.

6. Togra oibreacha agus fáltais

Caithfidh togra mionsonraithe a d'ullmhaigh duine inniúil gabháil le gach iarratas ar chúnamh deontais a fhaomhadh chun na hoibreacha a uasghrádú aníos go dtí caighdeáin Chód Chleachtais (CC) an GCC, agus an aird chuí á tabhairt ar a mholtaí maidir le CCFT reatha ar an láthair atá ann sular cuireadh an CC i bhfeidhm.

Caithfidh fáltais ó gach conraitheoir atá comhlíontach i dtaobh cánach a fostaíodh chun na hoibreacha a luaitear a dhéanamh, gabháil le gach éileamh ar chúnamh deontais a íoc. Caithfear a áireamh le fáltais sonraí faoi na hoibreacha a rinneadh agus na costais gaolmhara.

7. Riachtanais imréitigh cánach

I gcás gach conraitheora a fostaíodh chun tabhairt faoi mheasúnú láithreáin (más bhí gá leis), oibreacha réitigh, deisiúcháin nó uasghrádaithe ar CCFT, nó chun CCFT a athsholáthar, caithfear cóip den deimhniú imréitigh cánach reatha a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gconraitheoir a sheoladh ar aghaidh.

8. Iarratais ar chúnamh deontais a sheoladh ar aghaidh agus a phróiseáil

Beidh an nós imeachta seo a leanas i gceist maidir le gach iarratas a phróiseáil:

(a) I ndiaidh litir a fháil ón CUÚÁ, de réir Mhír 1 thuas, ba cheart iarratais ar chúnamh deontais a fhaomhadh a sheoladh ar aghaidh ar *Fhoirm DWWTS 2a*, chuig an údarás tithíochta a bhfuil limistéar feidhme an CCFT, ábhar an iarratais, suite ann.

(b) Áireofar leis an iarratas cur síos ar lochtanna an CCFT agus togra mionsonraithe, a d'ullmhaigh duine inniúil, chun na hoibreacha a uasghrádú aníos go dtí caighdeáin Chód Chleachtais (CC) an GCC, agus an aird chuí á tabhairt ar a mholtaí maidir le CCFT reatha ar an láthair atá ann.

(c) Déanfaidh an t-údarás tithíochta nó a ionadaí cigireacht ansin ar an CCFT, arb é sin ábhar an iarratais, chun bailíocht an iarratais a dheimhniú maidir le scóip na n-oibreacha a bheartaítear.

(d) Cuirfidh an t-údarás tithíochta an t-iarratasóir ar an eolas ina dhiaidh sin i scríbhinn má mheastar go bhfuil an t-iarratas incháilithe (faoi réir téarmaí agus coinníollacha) nó má mheastar go bhfuil sé neamh-incháilithe.

(e) Is féidir leis an iarratasóir leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha a theastaíonn, ach ní mheastar go bhfuil hoibreacha, seachas na hoibreacha sin a chuimsítear in iarratais, incháilithe agus ní íocfar cúnamh deontais ach maidir leis na hoibreacha siúd.

(f) Próiseálfar iarratais a thapúla agus is féidir. Má theastaíonn cúnamh chun an fhoirm a líonadh, déan teagmháil, le do thoil, leis an údarás tithíochta ábhartha.

(g) Tá an ceart ar cosaint ag an údarás tithíochta chun aon fhiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sé is gá, chun eolas nó cáipéisí tacaíochta a cuireadh ar fáil mar chuid d'iarratas ar chúnamh deontais a dheimhniú, agus is féidir leis aon iarratasóir a fhágáil as an áireamh, nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar chúnamh deontais, a sholáthraíonn eolas nó cáipéisí bréagacha nó míthreoracha.

9. Éilimh ar chúnamh deontais a phróiseáil

Beidh an nós imeachta seo a leanas i gceist maidir le gach éileamh ar íocaíocht a phróiseáil:

(a) A luaithe a críochnaíodh na hoibreacha i gcomhréir leis an togra mionsonraithe a sheol agus a dheimhnigh duine inniúil, ba cheart éilimh ar íocaíocht a sheoladh ar aghaidh ar *Fhoirm DWWTS 2b*, chuig an údarás tithíochta a bhfuil limistéar feidhme an CCFT, ábhar an iarratais, suite ann.

(b) Caithfidh *Foirm DWWTS 2b* gabháil le gach fáltas ó gach conraitheoir a fostaíodh chun na hoibreacha a luaitear a dhéanamh.

(c) Déanfaidh an t-údarás tithíochta nó a ionadaí measúnú ina dhiaidh sin ar na hoibreacha a críochnaíodh agus íocfar an t-éileamh ar íocaíocht má chríochnaítear scóip na n-oibreacha a ndéantar cur síos orthu ar an bhfoirm iarratais ina n-iomláine agus má dheimhníonn an duine inniúil iad.

(d) I gcásanna nach bhfuil an t-údarás tithíochta sásta gur críochnaíodh na hoibreacha i gcomhréir leis an togra mionsonraithe a seoladh ar aghaidh nó mura sásaíonn siad na téarmaí agus coinníollacha eile go léir, eiseoidh an t-údarás tithíochta litir don iarratasóir a chuireann in iúl go bhfuil an t-éileamh neamh-incháilithe nó neamh-incháilithe go páirteach, agus na cúiseanna ábhartha á gcur in iúl.

(e) Próiseálfar éilimh a thapúla agus is féidir. Má theastaíonn cúnamh chun an fhoirm a líonadh, déan teagmháil, le do thoil, leis an údarás tithíochta ábhartha.

(f) Tá an ceart ar cosaint ag an údarás tithíochta chun aon fhiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sé is gá, chun eolas nó cáipéisí tacaíochta a cuireadh ar fáil mar chuid d'iarratas ar chúnamh deontais a dheimhniú, agus is féidir leis aon éilitheoir a fhágáil as an áireamh, nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar chúnamh deontais, a sholáthraíonn eolas nó cáipéisí bréagacha nó míthreoracha.

10. An Próiseas achomhairc

Nuair a bhíonn iarratais á bpróiseáil faoin scéim deontais seo, aithnítear go bhféadfadh roinnt iarratasóirí a bheith míshásta le cinneadh an údaráis tithíochta. Cuirfidh údaráis tithíochta meicníocht achomhairc ar fáil do gach iarratasóir a cheadaíonn go ndéanfaidh oifigeach údarás tithíochta nár dhéileáil lena mbuniarratas athbhreithniú ar an gcinneadh a rinneadh ina gcás.

Bainfidh an nós imeachta seo a leanas le gach achomharc:

(a) Tugtar cuireadh do gach iarratasóir míshásta chun **achomharc scríofa** a sheoladh ar aghaidh (is féidir é seo a dhéanamh ar ríomhphost) in aghaidh cinneadh ar bith ar chuir an t-údarás tithíochta in iúl dóibh maidir lena n-iarratas.

(b) Caithfidh an t-údarás tithíochta an t-achomharc a fháil **laistigh de thrí seachtaine** i ndiaidh dháta an chinnidh agus caithfear a lua ann na cúiseanna a bhí leis an achomharc.

(c) Breithneoidh an t-údarás tithíochta an t-achomharc agus tabharfar breithiúnas air laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh é a fháil.

(d) Cuirfidh cinneadh faoin achomharc in iúl i scríbhinn don achomharcóir laistigh de choicís i ndiaidh go ndearnadh an cinneadh.

Foirm DWWTS 2a

FOIRM IARRATAIS

Oibreacha réitigh, deisiúcháin nó uasghrádaithe ar Chóras Cóireála Fuíolluisce Tí (CCFT) nó an córas a athsholáthar i Limistéar Gnímh a dTugtar Tús Áite dó nuair atá litir faighte ag duine ó Oifig an Chláir Uiscí de chuid an Údaráis Áitiúil a dheimhníonn cáilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

- Léigh na nótaí eolais, le do thoil, sula líonann tú an fhoirm iarratais.
- Caithfear gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, sa chás go sonraítear, caithfear cáipéisí tacaíochta a sholáthar. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána nó na foirmeacha siúd nach ngabhann na cáipéisí cuí leo.
- NÍOR CHEART tús a chur le hobair sula dtugann an t-údarás tithíochta nó a ionadaí cuairt. Má cuireadh tús le hobair roimh an dáta sin, ní dhéanfar breithniú ar d'iarratas.
- Déanann údaráis tithíochta an scéim deontais a riar. Is faoin údarás tithíochta ábhartha atá sé plé le gach ceist a bhaineann le hoibriú laethúil na scéime deontais, iarratais agus íocaíochtaí san áireamh.
- Ba cheart aon fhiosrúcháin faoin deontas a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh Chlár Uisce Tuaithe an údaráis tithíochta ábhartha.

1. Sonraí faoin Iarratasóir	
Ainm an iarratasóra:	
Seoladh (láthair an CCFT): ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir ghutháin i rith an lae:	
Seoladh ríomhphoist:	
An tagairt ar an litir ón CUÚÁ:	
2. Sonraí faoin CCFT	
Tagairt chláraithe an CCFT (tá sé seo ar fáil ar do Dheimhniú Clárúcháin):	
3. Seicliosta chun lochtanna a shainaithint	
(a) Ar baineadh an sloda as an CCFT le bliain anuas?	Baineadh ☐ Níor baineadh ☐
(b) An bhfuil an t-uisce dromchla/an t-uisce dín go léir curtha ar mhalairt slí amach ón CCFT?	Tá ☐ Níl ☐
(c) Cad é saghas an chórais?	☐ Dabhach shéarachais ☐ Córas Tánaisteach ☐ Córas Treasach

(d)	An ndearnadh cigireacht agus cothabháil ar an gcóras le 2 bhliain anuas?	Rinneadh □ Ní dhearnadh □
(e)	Cad é saghas an insíothlaithe?	□ Poll súite □ Láthair shíothlúcháin □ láthair shíothlúcháin ardaithe (Córas Dumhaí) □ Scagaire snasúcháin □ Píobán le huisce dromchla □ Bogach/Giolcarnach □ Ceapach shaileach □ Eile (tabhair sonraí ar bhileog eile)
(f)	An bhfuil fásra díobhálach (síothlú) ag fás sa limistéar insíothlaithe, ar nós an mhéid seo a leanas: ▪ limistéir fhliucha/linnte, ▪ féar méith, ▪ tailte garbha, luachair, etc.	Tá □ Níl □

4. Cur síos ginearálta ar na hoibreacha agus costas na n-oibreacha atá le déanamh, faoi mar a d'ullmhaigh duine inniúil (caithfear cóip den togra iomlán a cheangal freisin)

5. Íocaíochtaí a rinneadh roimhe seo

Ar íocadh aon deontas maidir leis an réadmhaoin seo le 7 mbliana anuas?		Íocadh □ Níor íocadh □
Má íocadh, tabhair sonraí, le do thoil:		
(a)	cé a d'íoc an deontas?	(a)
(b)	méid:	(b) €
(c)	an dáta a íocadh an deontas:	(c)

6. Sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí (*caithfear* cóip den Deimhniú Imréitigh Cánach do gach conraitheoir a sholáthar)

Conraitheoir 1	*Conraitheoir 2 (más infheidhme)*
Ainm an Chonraitheora:	Ainm an Chonraitheora:
Seoladh an Chonraitheora:	Seoladh an Chonraitheora:

Foirm DWWTS 2a

ÉIRCHÓD:	ÉIRCHÓD:

7. Dearbhú

Dearbhaím, leis seo, go bhfuil an t-eolas a sholáthair mé ar an bhfoirm iarratais seo, agus sa cháipéisíocht go léir eile a sholáthair mé chun tacú leis an iarratas seo, ceart agus fíor.

Tuigim gur féidir an t-iarratas seo a chur ar ceal má sholáthraím aon eolas bréagach nó míthreorach nó aon cháipéisíocht tacaíochta neamhbhailí.

Síniú an iarratasóra: _____

Dáta: _____

Foirm DWWTS 2b

FOIRM ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHT:

Oibreacha réitigh, deisiúcháin nó uasghrádaithe ar Chóras Cóireála Fuíolluisce Tí (CCFT) nó an córas a athsholáthar i Limistéar Gnímh a dTugtar Tús Áite dó nuair atá faomhadh faighte ag duine ó údarás tithíochta do dheontas.

- Léigh na nótaí eolais, le do thoil, sula líonann tú an fhoirm éilimh.
- Caithfear gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, sa chás go sonraítear, caithfear cáipéisí tacaíochta a sholáthar. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána nó na foirmeacha siúd nach ngabhann na cáipéisí cuí leo.
- NÍOR CHEART go mbeadh tús curtha le hobair sula dtugann an t-údarás tithíochta nó a ionadaí cuairt tosaigh. Má cuireadh tús le hobair roimh an dáta sin, ní dhéanfar breithniú ar d'éileamh.
- Déanann údaráis tithíochta an scéim deontais a riar. Is faoin údarás tithíochta ábhartha atá sé plé le gach ceist a bhaineann le hoibriú laethúil na scéime deontais, iarratais agus íocaíochtaí san áireamh.
- Ba cheart aon fhiosrúcháin faoin deontas a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh Chlár Uisce Tuaithe an údaráis tithíochta ábhartha.

1. Sonraí faoin Iarratasóir	
Ainm an iarratasóra:	
Seoladh (láthair an CCFT): ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir ghutháin i rith an lae:	
Seoladh ríomhphoist:	
UPSP:	
2. Sonraí faoin CCFT	
Tagairt chláraithe an CCFT (tá sé seo ar fáil ar do Dheimhniú Clárúcháin):	
3. Cur síos ginearálta ar agus costas na n-oibreacha faoinar tugadh, faoi mar a shonraíonn duine inniúil (caithfear fálta(i)s m(h)iondealaithe a sholáthar do na hoibreacha go léir a críochnaíodh)	

Foirm DWWTS 2b

4. Sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí (*caithfear* cóip den Deimhniú Imréitigh Cánach do gach conraitheoir a sholáthar, más éagsúil é ón gconraitheoir a liostaítear ar an bhfoirm iarratais)	
Conraitheoir 1	*Conraitheoir 2 (más infheidhme)*
Ainm an Chonraitheora:	Ainm an Chonraitheora:
Seoladh an Chonraitheora: ÉIRCHÓD:	Seoladh an Chonraitheora: ÉIRCHÓD:
5. Dearbhú	
Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a sholáthair mé ar an bhfoirm éilimh seo, agus sa cháipéisíocht go léir eile a sholáthair mé chun tacú leis an éileamh seo, ceart agus fíor. Tuigim gur féidir an t-éileamh seo ar íocaíocht a chur ar ceal má sholáthraím aon eolas bréagach nó míthreorach nó aon cháipéisíocht tacaíochta neamhbhailí. **Síniú an éilitheora:** _____ **Dáta:** _____	